# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Marta KOS

## Méadú

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Mo thaithí oibre agus mo thaithí phearsanta, an spreagadh sainiúil atá agam, agus mo thiomantas domhain don Eoraip, cuireann siad uile bonn faoi mo chuid cáilíochtaí mar an gCoimisinéir um Méadú a bheidh ann amach anseo.

An taithí 35 bliana atá agam, cuimsíonn sí taithí cheannaireachta rathúla i gceapacháin éagsúla, i réimse na polaitíochta, na sochaí sibhialta agus san earnáil phríobháideach. Bronnadh go leor gradam agus onóracha orm as mo chuid oibre mar ambasadóir (Ambasadóir na Bliana 2016 sa Ghearmáin agus Cros Mhór Ord Fiúntais Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine). Bronnadh orm iad as ceannaireacht rathúil san oiliúint agus sa chumarsáid.

Bhí dlúthbhaint riamh idir mo shaol gairmiúil agus luachanna Eorpacha, an tsaoirse agus an daonlathas, an ceartas agus an chuimsitheacht, agus comhionannas inscne. Tá an t-ádh orm gur cothaíodh luachanna ionam le linn m'óige, agus is sna luachanna sin atá mo thiomantas pearsanta fréamhaithe. Meas agus tuiscint ar a chéile, tiomantas do dhaoine eile agus freagracht phearsanta, bhí siad go léir i gcroílár ár luachanna teaghlaigh agus ár rannpháirtíocht sa phobal áitiúil.

Le linn mo shainordaithe mar Stiúrthóir ar Oifig Cumarsáide an Rialtais agus mar Urlabhraí an Rialtais, sheolamar feachtas leathan dar teideal 'Home in Europe [Sa bhaile san Eoraip]' chun tacú le lánpháirtiú na Slóivéine san Aontas Eorpach. Leis an mana sin, chuireamar in iúl gur bhraitheamar i gcónaí gur Eorpaigh muid, agus le haontachas foirmiúil leis an Aontas go mbainfeadh muid ár bhfís amach: baile dár gcuid féin san Eoraip.

An spéis mhór a bhí agam i lánpháirtiú na hEorpa agus an tiomantas láidir a bhí agam dó, bhí siad sin go fóill amhlaidh agus mé i mo Leas-Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail na Slóivéine, agus thacaigh mé le haontachas na tíre trí chabhrú le cuideachtaí ullmhú do mhargadh inmheánach an Aontais.

Le linn mo thréimhse seacht mbliana mar ambasadóir sa Ghearmáin agus san Eilvéis, chruthaigh mé go bhfuil na scileanna agam chun luachanna agus smaointe Eorpacha a chur chun cinn go rathúil. Le linn na mblianta a chaith mé i mBeirlín, bhí dlúthbhaint agam le Próiseas Bheirlín, mar ardán chun comhar a mhéadú idir na Sé Thír sna Balcáin Thiar.

Ó tharla go bhfuil taithí phearsanta agam ar na buntáistí a bhaineann le bheith i mo shaoránach Eorpach tuigim go rímhaith mian na saoránach ó thíortha ina bhfuil peirspictíocht Eorpach a bheith mar chuid den teaghlach Eorpach, sin agus na próisis inmheánacha chasta nach mór do thíortha a ghlacadh agus tabhairt fúthu chun an t-aistriú a dhéanamh le bheith ina mball iomlán den Aontas.

Dar liom féin gur bunriachtanach iad luachanna agus cuspóirí an Aontais, mar a leagtar amach iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le cuspóirí an Aontais, oibreoidh mé i gcónaí ar mhaithe le leas na saoránach, troidfidh mé i gcoinne an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe, saothróidh mé gan stad chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach nach bhfágfaidh aon duine ar lár agus urramóidh mé an éagsúlacht shaibhir chultúrtha agus teanga, agus is cúis bhróid dom go bhfuil an tSlóivéinis ar cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais!

Léiríonn mo thaithí phearsanta agus ghairmiúil mo neamhspleáchas agus mo mhacántacht, agus a dhílis atá mé dár luachanna. M'ionracas, mo dhílseacht agus mo neamhspleáchas, bhí siad mar bhonn faoi mo ghairmréim go léir, ón iriseoireacht neamhspleách sna meáin phríomhshrutha náisiúnta agus idirnáisiúnta go dtí an taidhleoireacht san earnáil phríobháideach. Leanfaidh mé de bheith dílis don tiomantas sin má thugtar an deis dom an fhreagracht a ghlacadh orm féin mar Choimisinéir agus cuirfidh mé mo chuid inniúlachtaí agus mo thiomantas ar fáil don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh uile.

Dá ndeimhneofaí m'ainmniúchán, mar Choimisinéir um Méadú, ghlacfainn leis go raibh sé de fhreagracht phearsanta orm leas a bhaint as an mborradh athnuaite faoin méadú atá léirithe i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen agus i gClár Oibre Straitéiseach 2024-2029 a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach an 27 Meitheamh. Cloím go hiomlán leis an bprionsabal gur próiseas bunaithe ar fhiúntas é an méadú, a chinntear de réir luas an dul chun cinn atá bainte amach ag gach tír, é ag tosú le hathchóirithe ar na bunphrionsabail. Níl aon bhealach éasca ann i dtreo na ballraíochta, agus féachfaidh mé lena chinntiú go gcaithfear go cothrom le gach tír is iarrthóir agus le gach tír is iarrthóir ionchasach agus go ndéanfar measúnú orthu de réir na gcritéar céanna, sin agus go gcinnfear an dul chun cinn de réir thuillteanais aonair gach tíre. Ciallaíonn sé sin go mbreathnóidh mé le cúram comhionann ar gach ceann de na tíortha de chuid an mhéadaithe a bhfuil peirspictíocht Eorpach acu.

Stiúrfaidh mé tacaíocht leanúnach inbhuanaithe don Úcráin in éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán. Bainfidh mé leas as acmhainneacht uile na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais, na Saoráide don Úcráin, agus an Phlean Fáis do na Balcáin Thiar ar bhealach straitéiseach. Glacfaidh mé páirt i lánpháirtiú réigiúnach, dea-chaidreamh comharsanachta agus athmhuintearas chomh maith le réiteach díospóidí déthaobhacha a éascú.

I gcomhréir leis an Litir Mhisin a cuireadh chugam, beidh mé ar thús cadhnaíochta ó thaobh straitéis chumarsáide a ullmhú ar cheart di a bheith dírithe ar shaoránaigh agus ar pháirtithe leasmhara i dtíortha is iarrthóirí agus san Aontas féin, straitéis ina ndíreofar ar fhaisnéis shoiléir a chur ar fáil faoi aidhmeanna agus cuspóirí an bheartais um méadú agus an phróisis aontachais.

Táim réidh le hoibriú i gcomhar le mo phiaraí sa Choláiste chun na hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil a ullmhú chun cur leis an gclár oibre athchóirithe níos leithne agus níos uaillmhianaí ionas go mbeidh an tAontas réidh don mhéadú.

Ionsaí neamhdhleathach gan chúis gan údar ar náisiún ceannasach, ar a iomláine chríochach agus ar a cheart chun féinchinntiúcháin is ea cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá an Úcráin ag troid ar son ár saoirse gach aon lá agus tugaim gealltanas go n-oibreoidh mé ar son a saoirse na hÚcráine freisin, trí pháirt a ghlacadh ina haontachas leis an Aontas i measc bearta eile.
Mar chuid den Litir Mhisin a cuireadh chugam, iarrtar orm tacaíocht leanúnach sheasmhach an Choimisiúin a stiúradh, agus tá rún daingean agam é sin a dhéanamh, chomh maith le tógáil ar na leibhéil tacaíochta gan fasach a cuireadh ar fáil don Úcráin go dtí seo. Chuige sin, ní mór dúinn leanúint de thacaíocht airgeadais don téarnamh a nascadh leis na hathchóirithe is gá chun geilleagar na hÚcráine a ardú agus chun cabhrú léi ar a bealach i dtreo an aontachais.

Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don Úcráin tríd an tSaoráid don Úcráin agus athchóirithe a bhaineann le Plean na hÚcráine a chur chun feidhme, chomh maith leis an obair ar atógáil na hÚcráine i gcomhar lenár gcomhpháirtithe agus trí Ardán Deontóirí na hÚcráine.

I bhfianaise scála agus raon feidhme na tacaíochta, agus i gcomhthéacs éiginnteacht shuntasach, éileoidh mé go gcoinneofar na hardleibhéil grinnscrúdaithe, cuntasachta agus trédhearcachta maidir le húsáid chistí an Aontais chomh maith le cumarsáid éifeachtach leis na saoránaigh san Aontas agus san Úcráin araon i dtaca leis na tairbhí frithpháirteacha a bhaineann leis an tacaíocht sin.

Agus mé ag obair i ndlúthchomhar le comhaltaí eile an Choláiste, tosóidh mé ag smaoineamh ar roghanna tacaíochta leanúnaí don Úcráin sa tréimhse tar éis 2027 mar chuid den mhachnamh foriomlán ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile de chuid an Aontais.

I dtaca Oirthear, ba cheart é a bheith mar phríomhthosaíocht againn an Úcráin agus an Mholdóiv a fhréamhú go daingean i bpróiseas ballraíochta an Aontais agus iarracht a dhéanamh a chinntiú gur féidir leis an tSeoirsia fanacht ar chonair an Aontais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, mar Choimisinéir um Méadú, in éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, déanfaidh mé cur chuige a fhorbairt agus a chomhordú chun tacú le tíortha uile Chugas Theas agus oibreoidh mé i dtreo creat straitéiseach foriomlán nua don Mhuir Dhubh.

Bainfidh mé leas an taithí fhadtéarmach atá agam sa ghluaiseacht 'She Knows' chun comhionannas inscne a chur chun cinn ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtúil bheartais an Aontais a chinntiú i dtíortha a bhfuil peirspictíocht bhallraíocht an Aontais acu. Táim tiomanta mná a chumhachtú sa saol polaitiúil agus spreagadh a thabhairt dóibh siúd go léir atá i bpoist pholaitiúla feidhmiúcháin cheana, e.g. trí líonraí neamhfhoirmiúla a threisiú ar fud thíortha méadaithe an Aontais.

Táim meáite ar an gcomhionannas inscne a chur chun cinn i ngach gné de mo chuid oibre i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise um Chomhionannas Inscne 2020-2025 agus Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne. Cinnteoidh mé go ndéanfar comhionannas inscne agus an chuimsitheacht a phríomhshruthú i bhfeidhmiú an chúnaimh airgeadais laistigh de mo shainchúram, agus go leanfaidh gné an chomhionannais inscne de threoir a thabhairt dár n-idirghabhálacha, ó ghníomhaíochtaí a shainaithint i dtosach báire go dtí a gcur chun feidhme.

Tacóidh mé leis an óige ar gach bealach is féidir, mar creidim go láidir gur den tábhacht í an ghlúin óg, ní hamháin don todhchaí ach don am i láthair chomh maith! Caithfidh an tAontas croí agus intinn na nglúnta óga i dtíortha comharsanacha a mhealladh, díreach mar a rinne sé inár dtírse sular thángamar isteach san Aontas in 2004. Tá an ceart acu freisin chun féachaint ar a dtodhchaí agus a ndearcthaí le dóchas agus le muinín. Dá bhrí sin, beidh infheistíocht san óige ina tosaíocht le linn mo shainordaithe, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige 2022.

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, cuir i gcás imirce daoine óga oilte, le tionscnaimh amhail an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar, an tSaoráid don Úcráin, agus an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis don Mholdóiv, táthar ag díriú cheana féin ar dhaoine óga a athsciliú agus a uas-sciliú. Ina theannta sin, leanfaidh mé de thacaíocht a thabhairt d'imscaradh na Ráthaíochta don Aos Óg.

Má thugtar an deis dom, leanfaidh mé de bheith ag obair le líonra na nAmbasadóirí Óga Eorpacha a cuireadh ar bun i gComharsanacht an Oirthir agus sna Balcáin Thiar chun feasacht a mhúscailt faoin Aontas agus faoi na tairbhí a bhaineann leis.  Mar a leagtar amach sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, tosóidh mé go pras freisin ar an gcéad eagrán den Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg. Ba cheart dó sin tarlú le linn na chéad 100 lá de mo shainordú.

## 2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, mar Choimisinéir um Méadú, coinneoidh mé dlúth-idirphlé rialta le Parlaimint na hEorpa maidir le gach saincheist a thagann faoi mo shainchúram. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin le linn na tréimhse seo ina bhfuil borradh as an nua faoin méadú agus sa chomhthéacs geopholaitiúil níos leithne ina bhfuil

éagobhsaíocht agus éiginnteacht shuntasach le brath. Iarracht chomhroinnte is ea é lena n-éilítear dlúthchomhar i measc na n-institiúidí agus na ngníomhaithe uile chun a chinntiú go n-éireoidh linn.

Táim tiomanta caidreamh láidir trédhearcach cuiditheach a choinneáil le Parlaimint na hEorpa, agus aithním go bhfuilim freagrach go hiomlán dá feisirí tofa a dhéanann ionadaíocht ar ghuthanna 450 milliún saoránach den Aontas Eorpach. Comhar éifeachtach leis an bParlaimint agus lena Feisirí, tá sé ríthábhachtach chun go mbeidh mé in ann mo ról mar Choimisinéir um Méadú a chomhlíonadh. Is amhlaidh atá toisc go bhfeicim gurb í Parlaimint na hEorpa a thugann guth don phobal ar fud an Aontais, agus éistfidh mé le do thuairimí agus cuirfidh mé sa mheá é i mo chuid oibre. Chuige sin, tá gá le hidirphlé oscailte agus dlúthchomhar leis an bParlaimint de réir mar a chuirimid chun cinn clár oibre an Choimisiúin maidir le méadú.

Aithním tábhacht chriticiúil Pharlaimint na hEorpa laistigh de chreat institiúideach an Aontais agus táim tiomanta teagmháil iomlán a bheith agam lena feisirí ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas. Tá cothromaíocht institiúideach bunriachtanach; ní hamháin gur ceanglas nós imeachta í an chuntasacht don Pharlaimint ach is colún lárnach í den dlisteanacht dhaonlathach agus den trédhearcacht.

Bunú na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar, na Saoráide don Úcráin agus na Saoráide Athchóirithe agus Fáis don Mholdóiv le déanaí, is léiriú é ar thiomantas na Parlaiminte torthaí a bhaint amach le linn tréimhsí práinne. Táim tiomanta an cur chuige comhoibríoch sin a choinneáil, agus aitheantas iomlán á thabhairt don chaoi a bhfuil ár bhfreagrachtaí comhroinnte íogair ó thaobh ama de, agus geallaim go ngníomhóidh mé le trédhearcacht, le muinín agus leis an tuiscint go bhfuil an aidhm chéanna againn ar fad.
Táim tiomanta Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go rialta faoin staid mar atá maidir leis an bpróiseas aontachais agus páirt a ghlacadh i malartú oscailte tuairimí. Déanfaidh mé mo dhícheall tuairimí Pharlaimint na hEorpa a chur san áireamh agus aghaidh á tabhairt agam ar shaincheisteanna tábhachtacha polaitiúla mar creidim go láidir gurb é sin an t-aon bhealach amháin chun tíortha is iarrthóirí ar aontachas a ullmhú.

Táim tiomanta teacht os comhair na seisiún iomlánach agus na gcruinnithe coiste ábhartha chun nuashonruithe tráthúla a sholáthar maidir leis na príomhthionscnaimh atá faoi mo chúram, agus chun a chinntiú go gcuirfear an Pharlaimint ar an eolas roimh chaibidlíochtaí móra nó sula nglacfar cinntí móra. Déanfar é sin i gcomhréir lenár gcreat dlíthiúil agus prionsabal na cothromaíochta institiúidí á urramú ag an am céanna. Tá rún daingean agam freisin lánurraim a thabhairt do na róil shonracha a shanntar don Pharlaimint agus don Chomhairle, róil mar chomhreachtóirí ina measc, go háirithe agus muid ag ullmhú do nósanna imeachta reachtacha agus d’ionstraimí maoiniúcháin atá ar na bacáin.

Cinnteoidh mé go mbeidh mé i láthair ag coistí parlaiminteacha, cuir i gcás an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET), agus le linn pléití iomlánacha a bhaineann le mo shainchúraimí. Cuimseoidh mo rannpháirtíocht cruinnithe tríthaobhacha agus chuig príomhchaibidlíochtaí, lena gcoinneoidh mé teagmháil dhíreach le Feisirí den Pharlaimint chun idirphlé leanúnach a chothú.

Beidh an trédhearcacht ina treoir do mo chuid gníomhaíochtaí mar Choimisinéir. Gheobhaidh an Pharlaimint faisnéis ag an am céanna leis an gComhairle i gcás ina bhforáiltear dó sin sa reachtaíocht, eolas maidir leis an tSaoráid don Úcráin, an tSaoráid do na Balcáin Thiar agus an tSaoráid don Mholdóiv san áireamh. Ina theannta sin, táim sásta tuairisciú don Pharlaimint agus faisnéis a sholáthar maidir le cur chun feidhme na n-ionstraimí sin i gcomhthéacs an idirphlé rialta dá bhforáiltear sna Rialacháin faoi seach, agus san idirphlé geopholaitiúil ardleibhéil le Parlaimint na hEorpa maidir le IPA III.

Tá rún daingean agam freisin freagra tapa cuimsitheach a thabhairt ar rúin agus ar cheisteanna ón bParlaimint. Agus tacaíocht á tabhairt agam do ról Pharlaimint na hEorpa maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú, faoi mar a dhearbhaigh an tUachtarán toghaí von der Leyen arís agus arís eile, cuirfidh mé freagraí foirmiúla ar fáil ar rúin laistigh den tréimhse trí mhí atá leagtha síos. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar le coistí parlaiminteacha ábhartha ag gach céim den phróiseas, go háirithe maidir le rúin faoi Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus cinnteoidh mé go mbeidh an obair leantach orthu sin cuimsitheach tráthúil.

Ar deireadh, aithním an ról ríthábhachtach atá ag an bParlaimint ó thaobh tacú leis an daonlathas ar fud an domhain, go háirithe sna réigiúin um méadú agus sna réigiúin chomharsanachta. Táim tiomanta comhoibriú go dlúth leis an bParlaimint maidir le tacaíocht don daonlathas, go háirithe i dtaca le hobair leantach a dhéanamh ar mholtaí an Mhisin Bhreathnóireachta Toghcháin, ar moltaí iad atá ríthábhachtach chun caighdeáin dhaonlathacha a chur chun cinn agus chun cobhsaíocht pholaitiúil a chinntiú i dtíortha comhpháirtíochta. Oibreoidh mé chun tionchar an Aontais a uasmhéadú trína chinntiú go ndéanfar obair leantach chomhordaithe agus chomhleanúnach ar na moltaí misin sin.

Má thugtar an deis dom a bheith i mo Choimisinéir um Méadú, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa chun na luachanna Eorpacha a chomhroinnt leis na tíortha comharsanachta, agus béim á leagan ar thábhacht an daonlathais, chearta an duine, na cuimsitheachta agus an chomhionannais. Cumhachtú na mban agus na ndaoine óga sa saol sóisialta agus sa saol polaitiúil, sin an iarracht chomhchoiteann a bheidh idir lámha againn. Ba mhaith liom freisin leas a bhaint as saineolas Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa maidir le lánpháirtiú réigiúnach, le caidreamh comharsanachta agus, go háirithe, leis an athmhuintearas.

Ba mhaith liom Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a áireamh go gníomhach san fheachtas cumarsáide lena gcinnteofar go gcuirfear tairbhí an mhéadaithe in iúl go soiléir do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus dá pháirtithe leasmhara agus do shaoránaigh chomhpháirtithe an mhéadaithe; trí pháirt a ghlacadh go comhpháirteach in imeachtaí poiblí agus i bhfeachtais phoiblí i ndáil leis sin freisin.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha</u>

*3. Sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2024-2029, déantar cur síos ar 'méadú' mar 'riachtanas morálta, polaitiúil agus geostraitéiseach chun ár nAontas a thabhairt chun críche a thuilleadh'. Gan dochar do phróisis chinnteoireachta an Choimisiúin, cad iad na tosaíochtaí agus na cuspóirí / spriocanna nithiúla a bheadh agat i leith shainchúraimí an mhéadaithe sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma (go ceann ré do shainordaithe), agus conas a roinnfear na cúraimí agus conas a chomhlánófar na róil, dar leat, leis an Ardionadaí / Leas-Uachtarán maidir leis an mbeartas um méadú agus maidir le comharsanacht an Oirthir? Céard iad na príomhdhúshláin (dúshláin idirnáisiúnta, réigiúnacha, dhéthaobhacha, institiúideacha, etc.) a bheidh le sárú, dar leat, agus na tosaíochtaí agus na cuspóirí sin á saothrú, conas atá sé i gceist agat iad a shárú agus straitéis cumarsáide an Aontais a fheabhsú go leordhóthanach chun cur i gcoinne insintí bréagacha agus i gcoinne bréagaisnéise, go háirithe faoin Aontas Eorpach?*

I ngeall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, tá an méadú anois chun tosaigh i dtosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus dearbhaíodh go bhfuil an beartas um méadú ina phríomhspreagadh don tsíocháin, don tsaoirse agus don rathúnas ar an mór-roinn seo againne. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, is é an príomhchuspóir a bheidh agam oibriú go dian le comhpháirtithe an mhéadaithe chun cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh i dtaca lena gconairí i dtreo an Aontais faoi seach, agus i gcomhréir lena mianta agus lena dtiomantas polaitiúil féin. Agus an méid sin á dhéanamh agam, bainfidh mé úsáid as na huirlisí uile atá ar fáil dom agus, ó tharla go bhfuil an méadú faoi chúram an Choimisiúin uile, oibreoidh mé go dlúth le mo phiaraí sa Choláiste agus go háirithe leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun an obair sin a thabhairt ar aghaidh. Tá fonn orm freisin tacú leis an bpróiseas lena n-áiritheofar go mbeidh an Coimisiún réidh chun fáilte a chur roimh Bhallstáit nua, go háirithe na hathbhreithnithe beartais roimh mhéadú.

Sna cúig bliana amach romhainn, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Méadú, táim lántiomanta an oiread tíortha de chuid an mhéadaithe agus is féidir a thabhairt go dtí an pointe nuair a bheidh siad lán-ullmhaithe na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a ghlacadh orthu féin agus nuair a bheidh an chaibidlíocht aontachais tugtha chun críche acu. Bheadh sé sin ina chomhartha láidir ar ár dtiomantais don mhéadú agus chuirfeadh sé in iúl do chomhpháirtithe go seasann an tAontas lena ghealltanais. Ag an am céanna, ní mór don chur chuige bunaithe ar fhiúntas a bheith mar threoirphrionsabal i gcónaí. Tá an méid sin ríthábhachtach le haghaidh próiseas inchreidte agus inbhuanaithe um méadú. Sa ghearrthéarma, díreoidh mé ar na tíortha is iarrthóirí uile a chur ar aghaidh ar a gconair i dtreo an aontachais. Go nithiúil, d'áireofaí leis sin, mar shampla, caibidlí le Montainéagró a dhúnadh, braislí atá fós ann leis an Albáin a oscailt, agus braisle na mbunphrionsabal a oscailt leis an Macadóin Thuaidh, leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive.

I bhfianaise an róil lárnaigh atá ag na bunphrionsabail maidir le luas an dul chun cinn sa chaibidlíocht a chinneadh, tá sé ar intinn agam aird ar leith a thabhairt ar an dul chun cinn sa réimse sin. Tacóidh mé le comhpháirtithe an mhéadaithe chun a áirithiú go léireofar leis na hathchóirithe riachtanacha a dhéanfar sa réimse seo tiomantas marthanach do-aisiompaithe don rialachas daonlathach agus don smacht reachta, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe agus urraim do chearta an duine ina measc.

Príomhthosaíocht eile de mo shainordú a bheidh ann a áirithiú go leanfar de thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus í ag dul i dtreo ballraíocht san Aontas. D'ainneoin chogadh foghach na Rúise, tá dul chun cinn suntasach léirithe ag an Úcráin maidir lena hinstitiúidí agus a creat rialála a athchóiriú. Bainfidh mé leas iomlán as an tSaoráid don

Úcráin chun tacú le téarnamh eacnamaíoch na hÚcráine, le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha, agus le hailíniú polaitiúil leis an Aontas, agus beidh cuid mhór den chistiú ceangailte le dul chun cinn i bpríomh-athchóirithe atá ríthábhachtach freisin chun an geilleagar a fhás agus chun cabhrú leis an téarnamh agus leis an atógáil. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Úcráin chun cuidiú leis na hathchóirithe sin a choinneáil ar an mbóthar ceart, agus aird ar leith á tabhairt ag an am céanna ar a áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais.

Cuirfidh mé dlús freisin le tíortha an mhéadaithe a chomhtháthú de réir a chéile i bpríomh-earnálacha gheilleagar an Aontais. Bainfidh mé leas iomlán as uirlisí nua, an tSaoráid don Úcráin, an Plean Fáis do na Balcáin Thiar, Ardán Infheistíochta na Tuirce agus, a luaithe a ghlacfaidh na comhreachtóirí é, an tSaoráid don Mholdóiv a bheidh ann amach anseo ina measc. Beidh sé ríthábhachtach freisin an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna faoi na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála (DCFTA) leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia. Cuirfidh sé sin ar chumas thíortha an mhéadaithe tairbhe inbhraite a bhaint as ballraíocht san Aontas in earnálacha áirithe ina bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta cheana féin maidir le comhfhogasú rialála roimh an aontachas agus éascóidh sé an próiseas lánpháirtíochta.
Cúram lárnach de mo shainordú is ea bacainní sa phróiseas um méadú a réiteach. Bhí moilleanna suntasacha ann san am a chuaigh thart mar thoradh ar shaincheisteanna déthaobhacha, cibé acu idir tíortha is iarrthóirí iad féin nó le Ballstáit den Aontais. Gan dlisteanacht an mhéid is ábhar imní is bonn leis na díospóidí sin a shéanadh, ní mór aghaidh a thabhairt orthu go pras ionas nach gcuirfear bac ar dhul chun cinn thíortha an mhéadaithe agus nach mbainfear an bonn d'inchreidteacht an phróisis. Féachfaidh mé ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun na críche sin agus oibreoidh mé leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun teacht ar réitigh. Sna Balcáin Thiar, is eilimint shár-riachtanach de na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais é an comhar réigiúnach agus tá sé i gcroílár an Phlean Fáis freisin. Creidim gur féidir le fócas athnuaite ar a bpeirspictíocht Eorpach, comhtháthú de réir a chéile leis an Aontas tríd an bPlean Fáis, agus tionscnaimh réigiúnacha amhail an Cómhargadh Réigiúnach, feidhmiú mar dhreasachtaí chun an réigiún a thabhairt le chéile agus chun rannchuidiú le hathmhuintearas agus le saincheisteanna oidhreachta a shárú.

I bhfianaise a bhfuil tite amach le déanaí agus na dinimice casta i gcomharsanacht an Oirthir, tá sé ríthábhachtach go mbeidh ár gcomhpháirtíocht leis an réigiún oiriúnach don fheidhm. Chuige sin, beidh gá le cur chuige difreáilte lena léireofar na réaltachtaí atá ag teacht chun cinn. Ní mór dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht aontachais leis an Úcráin agus leis an Moldóiv. Sa Mholdóiv, tá sé ríthábhachtach an Plean Fáis a chur i bhfeidhm go rathúil – dá nglacfadh na comhreachtóirí an tSaoráid ghaolmhar – chun tacú leis an tír, a clár oibre aontachais Eorpach ina measc. Beidh todhchaí an chaidrimh idir an tAontas agus an tSeoirsia ag brath ar ghníomhaíocht údaráis na Seoirsia. Má chinneann, agus nuair a chinneann, údaráis na Seoirsia filleadh go daingean ar chonair an Aontais, táim réidh le bheith rannpháirteach san idirphlé. Táim réidh freisin chun tacú le haistriú polaitiúil sa Bhealarúis nuair a bheidh na dálaí ann chuige sin. Ag an am céanna, leanfaidh mé ag spreagadh agus ag tacú leo siúd ar mian leo todhchaí shaor agus dhaonlathach a bhaint amach dá dtíortha.

Maidir leis an gCugas Theas, leanfaidh mé den Phlean Athléimneachta agus Fáis don Airméin a chur i bhfeidhm chun tacú leis an gcomhpháirtíocht nua a bunaíodh le hEireaván, i bhfoirm cúnamh deontais agus giaráil infheistíochtaí. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce a bheidh ann amach anseo ar an idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí leis an Airméin. Leis an Asarbaiseáin, molaim díriú ar shlándáil fuinnimh, ar nascacht agus ar fhorbairt eacnamaíoch, agus iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh an clár oibre maidir le cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn, in éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán. Oibreoidh mé leis an Airméin agus leis an Asarbaiseáin araon chun tacú leis an bpróiseas síochána, chun cobhsaíocht agus síocháin a chur chun cinn ar fud na comharsanachta i gcoitinne agus chun comhar níos dlúithe maidir le nascacht réigiúnach a scaoileadh. Oibreoidh mé go dlúth freisin leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun straitéis chomhleanúnach don Mhuir Dhubh a fhorbairt faoina dtabharfaidh mé ar aghaidh cur chun feidhme príomhthionscadal bonneagair chun slándáil fuinnimh agus nascacht dhigiteach an réigiúin a fheabhsú. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar dhúshláin slándála sa réigiún, ar dúshláin iad atá níos measa mar gheall ar ghníomhaíochtaí míleata na Rúise. I ngach tír sa réigiún, déanfaidh mé infheistíocht sa tsochaí shibhialta agus leanfaidh mé de thacaíocht a thabhairt do shochaí shibhialta na Rúise, do chosantóirí chearta an duine agus do na meáin neamhspleácha.

In éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, leanfaidh mé den athbhunú caidrimh leis an Tuirc, ar tír is iarrthóir í agus comhpháirtí de chuid an Aontais. Cé go bhfuil an chaibidlíocht aontachais ina stad ó 2018 i leith, is chun

leas an dá thaobh é feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cúrsaí polaitiúla, eacnamaíocha agus trádála. Ní mór iarrachtaí cuiditheacha ó thaobh na Tuirce de a bheith ag gabháil leis an gcomhar sin chun aghaidh a thabhairt ar an méid is ábhar imní a bhaineann leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha, agus chun oibriú chun teacht ar réiteach ar fhadhb na Cipire, laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas bunaithe agus lena *acquis*.
Tá cumarsáid éifeachtach maidir le tairbhí agus dúshláin an mhéadaithe araon ríthábhachtach chun tacaíocht phoiblí a choinneáil ar bun. Mar iar-iriseoir, creidim go láidir i gcumhacht na cumarsáide mar uirlis chun athrú dearfach a dhéanamh. Le linn na chéad seachtainí de mo shainordú, déanfaidh mé mo mhachnamh ar an méid is ábhar imní a bhaineann leis an méadú, rud a chuirfidh leis an straitéis chumarsáide mhionsonraithe a fhorbróidh mé, ag díriú ar thíortha an mhéadaithe agus ar Bhallstáit an Aontais araon. Rachaidh mé i dteagmháil go dlúth leis na Ballstáit chun tuiscint a fháil ar an méid sonrach is ábhar imní dá saoránaigh maidir leis an méadú, agus tá súil agam brath ar thacaíocht Pharlaimint na hEorpa chun guthanna shaoránaigh an Aontais a thabhairt isteach sa díospóireacht seo.

Ag an am céanna, is maith is eol dom na bealaí a mbaineann daoine ar mian leo an bonn a bhaint den Aontas agus dá seasann sé mí-úsáid as an gcumarsáid, agus an chaoi a ndírítear ar an mbeartas um méadú sa chomhthéacs sin. Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, nochtadh freisin na bagairtí tromchúiseacha ar ár slándáil agus ar ár ndaonlathas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé dlús leis na hiarrachtaí a bhaineann leis an Sciath Daonlathais a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen, ag tacú lenár gcomhpháirtithe athléimneacht a fhorbairt i gcoinne na bréagaisnéise agus seasamh le próisis dhaonlathacha. Áirítear leis sin comhar institiúideach, chomh maith le tacú leis an tsochaí shibhialta, iriseoirí a chosaint, agus cearta an duine a chosaint.

*4. I gcomhréir leis an treoir ghinearálta ó Uachtarán an Choimisiúin maidir le caidreamh an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa a neartú, an bhféadfá a insint dúinn conas atá sé i gceist agat na nithe seo a leanas a dhéanamh:*

- *ról a thabhairt don Pharlaimint (ós gníomhaí lárnach 'd'Fhoireann na hEorpa' í), ar bhealach réamhghníomhach agus éifeachtach, ó na céimeanna tosaigh sna próisis um do thosaíochtaí agus do chuspóirí a leagan amach agus a shaothrú?*
- *malartuithe rialta tuairimí a choinneáil ar bun sa Seisiún Iomlánach agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha; 'idirphlé struchtúrtha' a áirithiú agus a chinntiú go mbeidh tú i láthair, ar bhonn ad hoc, sa Choiste ar gearrfhógra i gcás imeachtaí suntasacha nó mórtheagmhais a bheith ann; a áirithiú go bhfreastalóidh tú ar Chomhdhálacha Idirpharlaiminteacha ar CBES/CBSC nuair is ábhartha;*
- *a áirithiú go ndéanfar seasaimh na Parlaiminte a chur i gcuntas go cuí i dtograí le haghaidh gníomhartha dlí agus i dteachtaireachtaí agus straitéisí nua nó nuashonraithe de chuid an Aontais Eorpaigh, agus a áirithiú go gcuirfear an Pharlaimint agus go háirithe an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha sa Pharlaimint ar an eolas ar bhealach córasach agus tráthúil faoi na tograí agus na doiciméid sin agus go rachfar i gcomhairle leo ina dtaobh (lena n-áirítear an pacáiste um méadú) agus go ndéanfar sioncrónú níos fearr ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus ar ghníomhaíochtaí na Parlaiminte (mar shampla trí na hamlínte atá beartaithe le haghaidh doiciméid straitéiseacha oifigiúla a eisiúint, trí na hamlínte sin a chomhroinnt roimh ré ar bhealach córasach, trí chruinnithe aireachta agus cruinnithe mullaigh aireachta, trí thograí chun tús a chur le caibidlí sa chaibidlíocht aontachais nó chun iad a thabhairt chun críche, trí thograí chun tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, trí idirphlé ar chearta an duine, etc.);*
- *a áirithiú go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis agus doiciméid ábhartha ar an mbeartas um méadú, lena n-áirítear iadsan a chomhroinntear leis an gComhairle, agus go gcuirfear an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an eolas faoi sin ar an toirt agus go hiomlán, i scríbhinn agus ó bhéal, ag na céimeanna uile den chaibidlíocht aontachais agus den chaibidlíocht ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, agus go ndéanfar tuairimí na Parlaiminte a chur i gcuntas go cuí sula gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht agus i rith an phróisis;*
- *a áirithiú go ndéanfar faisnéis neamhphoiblí ghaolmhar agus ábhartha a sholáthar don Pharlaimint le linn cruinnithe i seomra iata;*
- *tuilleadh comhair, comhordaithe agus éifeachtúlachta a chothú agus a áirithiú i leith na ngníomhaíochtaí tacaíochta daonlathais idir an Coimisiún agus an Pharlaimint?*

I gcomhréir leis an treoir ghinearálta ó Uachtarán an Choimisiúin maidir le caidreamh an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa a neartú, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé ar intinn agam ról réamhghníomhach agus éifeachtach a thabhairt don Pharlaimint ó na céimeanna is luaithe de mo thosaíochtaí agus mo chuspóirí a

mhionsaothrú agus a fhorbairt. Táim ag tnúth le tuairimí a mhalartú go rialta le Parlaimint na hEorpa maidir le hábhair a bhaineann le mo shainchúraimí agus cuirfidh mé san áireamh go cuí iad. Áiritheoidh mé faisnéis thráthúil, agus malartú faisnéise freisin leis an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus le coistí ábhartha eile maidir le straitéisí, tuarascálacha bliantúla, agus tionscnaimh eile atá beartaithe nó atá ar siúl le linn mo shainordaithe, agus aird chuí á tabhairt ar an leibhéal rúndachta is gá.

Go sonrach, a mhéid a bhaineann le méadú, glacfaidh mé páirt san idirphlé struchtúrtha le Coiste AFET agus in aon mhalartú tuairimí maidir leis an bPacáiste um Méadú leis an gCoiste díreach tar éis don Choláiste é a ghlacadh. Cuirfidh mé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi mo chuairteanna ar na tíortha a thagann faoi m’inniúlacht agus rachaidh mé i dteagmháil le Coiste AFET agus le coistí ábhartha eile agus roinnfidh mé faisnéis leo. Tá idirphlé rialta trédhearcach le Parlaimint na hEorpa ríthábhachtach don tacaíocht phoiblí don mhéadú laistigh den Aontas.

Mar chuid den idirphlé rialta leis an bParlaimint maidir leis na modhanna maoiniúcháin atá faoi mo chúram, áiritheoidh mé go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis atá mionsonraithe go leor maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear cistí. Cuirfidh mé luach ar do thuairimí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí ionstraimí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. Coinneoidh mé Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ar an eolas go cuí freisin faoi gach cineál comhaontuithe comhpháirtíochta le tíortha a thagann faoi mo fhreagracht, i gcomhréir le prionsabal an dea-chomhair idirinstitiúidigh chothroim agus leis na rialacha atá ann cheana, chun a áirithiú go n-urramófar cumas maoirseachta buiséadaí na Parlaiminte.

Glacfaidh mé páirt i ndíospóireachtaí iomlánacha de chuid Pharlaimint na hEorpa, i gcruinnithe na gcoistí agus i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha (cruinnithe tríthaobhacha). Táim tiomanta freisin oibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa agus freagairt go hiomchuí agus go tráthúil ar shaincheisteanna a ardaítear ina rúin, agus na tuairimí a chuirtear in iúl iontu faoi chuimsiú ár gcaidrimh dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh le comhpháirtithe á gcur san áireamh.

Áiritheoidh mé go gcuirfear Parlaimint na hEorpa agus a coistí ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoin bpróiseas um méadú agus faoi chaibidlíocht comhaontuithe idirnáisiúnta. Chuige sin, bheadh gá na socruithe is gá a dhéanamh chun cóireáil rúnda a áirithiú i gcás inar gá.

Táim réidh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ábhartha faoi stiúir na Parlaiminte, de réir mar is iomchuí. Tá fonn orm freisin féachaint ar conas a d’fhéadfaimis sineirgí a threisiú maidir lenár ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta faoi seach amhail Idirphlé Jean Monnet arna eagrú ag Parlaimint na hEorpa, cuairteanna staidéir, comhaltachtaí nó comhdhálacha agus seimineáir pharlaiminteacha d’fhonn dea-chleachtais pharlaiminteacha a mhalartú, idirghabháil a dhéanamh agus idirphlé a chur chun cinn i gcásanna deacra. Ina theannta sin, táim réidh le féachaint ar an gcaoi a bhféadfadh na toscaireachtaí idirpharlaiminteacha idir Parlaimint na hEorpa agus a comhpháirtithe, go háirithe tíortha an mhéadaithe, cabhrú chun an móiminteam a choinneáil agus chun díriú ar na hathchóirithe is gá.

*5. Sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2024-2029, leagtar béim ar an méid seo a leanas: ‘is é a bheidh san aontachas leis an Aontas i gcónaí ná próiseas atá bunaithe ar fhiúntas – agus déanfar gach tír is iarrthóir a mheas bunaithe ar an dul chun cinn arna dhéanamh inti i leith na critéir a chomhlíonadh’. Conas a áiritheoidh tú go ndéanfar faireachán láidir agus treisithe ar an bpróiseas um méadú bunaithe ar thuairisciú agus measúnú ar na hathchóirithe agus an dul chun cinn arna ndéanamh sna tíortha is iarrthóirí sna caibidlí uile den chaibidlíocht trí choinníollacht spriocdhírithe arna cur i bhfeidhm go straitéiseach bunaithe ar thagarmharcanna soiléire dul chun cinn, ar smachtbhannaí a fhorchur i leith dul ar gcúl i bprionsabail agus luachanna bunúsacha nó i leith siléig leanúnach a bheith á déanamh in athchóirithe agus in athchóirithe a chúiteamh agus ar thagarmharcanna a chomhlíonadh trí amlínte soiléire caibidlíochta? Ós rud é go luaitear i do litir mhisin go ndéanfaidh tú iarracht ar na tíortha is iarrthóirí a lánpháirtiú de réir a chéile, cé na réimsí beartais nithiúla is dóigh leat a bheith oiriúnach chun na críche sin agus cad iad, dar leat, na príomh-athchóirithe idirinstitiúideacha agus beartais is gá a dhéanamh chun go mbeidh rath ar aontachas thíortha an mhéadaithe? Conas atá sé i gceist agat a chinntiú go mbeidh próiseas méadaithe an Aontais ina phróiseas iontaofa athuair, go háirithe sna Balcáin Thiar, agus cé na bearta sonracha a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn níos gasta i leith athchóirithe tábhachtacha, a bhfuiltear ag brath ar iad a dhéanamh le fada an lá, sa réigiún sin?*

Beidh fís shoiléir mar threoir ag an gcur chuige a bheidh agam i leith an mhéadaithe: ní mór don mhéadú an tAontas agus na Ballstáit a bheidh ann amach anseo a neartú. Ciallaíonn sé sin nach mór do na Ballstáit a bheidh ann amach

anseo a bheith dea-ullmhaithe agus lántiomanta dá gconair i dtreo an Aontais, agus sláine ár luachanna agus inchreidteacht ár bpróiseas á gcaomhnú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, táim tiomanta a bheith ag obair gan stad gan staonadh le tíortha an mhéadaithe, le Ballstáit an Aontais, le Parlaimint na hEorpa, agus leis na páirtithe leasmhara uile chun an fhís sin a fhíorú. Seasfaidh mé go daingean leis an gcur chuige bunaithe ar fhiúntas, lena n-áiritheofar go leanfaidh an méadú de bheith láidir, inchreidte agus bunaithe ar dhul chun cinn soiléir. Leanfar de mheasúnú aonair a dhéanamh ar thíortha uile an mhéadaithe, bunaithe ar a bhfuil bainte amach acu i dtaca le critéir an Aontais a chomhlíonadh. Áiritheofar é sin tríd an gcreat cuimsitheach atá ann cheana a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tuairisciú trédhearcach, coinníollacht straitéiseach, agus tagarmharcanna soiléire dul chun cinn, de réir mhodheolaíocht athbhreithnithe an mhéadaithe.

Leanfaidh an Pacáiste bliantúil um Méadú de bheith ina phríomhuirlis chun meastóireacht a dhéanamh ar athchóirithe ar fud na mbunphrionsabal (lena n-áirítear an smacht reachta) agus na gcaibidlí caibidlíochta uile agus chun moltaí a dhéanamh a dtomhaistear tuilleadh dul chun cinn ina n-aghaidh. Tá na tuarascálacha ríthábhachtach chun léargas mionsonraithe trédhearcach a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag tíortha uile an mhéadaithe.

Chun a ráthú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán na hathchóirithe a ghlacfaidh tíortha an mhéadaithe, bainfidh mé an úsáid is mó is féidir as na diansásraí faireacháin agus meastóireachta atá ar fáil dúinn. Áirítear ar na sásraí sin measúnuithe rialta ar ailíniú gach tír de chuid an mhéadaithe le *acquis* an Aontais agus tuarascálacha mionsonraithe maidir lena bhfeidhmíocht i bpríomhréimsí. Ní bheidh an fócas criticiúil dírithe ar ghlacadh dlíthe amháin, ach ar thorthaí léirithe na n-athchóirithe sin. Tá na huirlisí uile againn roimh an aontachas chun cuntas teiste cuí a áirithiú maidir leis an smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta tromchúisí agus eagraithe, chomh maith le hurraim do chearta bunúsacha sa chleachtas agus ní hamháin an dlí, agus leanfaidh mé den obair le mo chomhghleacaithe sa Choláiste agus leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa chun coimircí a chur i bhfeidhm ionas nach ndéanfar an dul chun cinn a aisiompú tar éis an aontachais. Ní mór aon Chonradh Aontachais a bheidh ann amach anseo a dhréachtú agus an cuspóir sin á chur san áireamh.

Ina theannta sin, is mian liom a áirithiú go gcothófar na hathchóirithe a rinne tíortha an mhéadaithe agus go mbeidh siad do-aisiompaithe. Agus muid ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na méaduithe roimhe seo, táim réidh le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tacú le tíortha an mhéadaithe dul chun cinn a dhéanamh chomh tapa agus is féidir – agus chomh tapa agus is mian leo dul chun cinn a dhéanamh – ar a gconairí faoi seach i dtreo an Aontais. Ciallaíonn sé sin an prionsabal 'tuilleann breis tuilleadh' a chur chun feidhme, trína mbeidh na daoine a dhéanfaidh na hathchóirithe is gá in ann tairbhe a bhaint as a gcuid iarrachtaí. Is sampla den scoth é an Plean Fáis do na Balcáin Thiar den chaoi ar féidir linn cabhrú chun an méid sin a bhaint amach. Leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis a ghabhann léi, cuirfear ar chumas ár gcomhpháirtithe tacaíocht airgeadais bhreise a fháil a bheidh coinníollach ar phríomh-athchóirithe a chur chun feidhme sna hearnálacha bunúsacha agus socheacnamaíocha. I gcomhthreo, tá tíortha ag baint tairbhe as cuid de na tairbhí a bhaineann le comhtháthú i Margadh Aonair an Aontais roimh aontachas iomlán leis an Aontas trí na codanna eile den Phlean Fáis a chur i bhfeidhm. Oibreoidh mé chun an chéad cholún den Phlean Fáis a chur chun feidhme, agus mé ag tógáil ar an obair shuntasach atá déanta cheana féin agus ag cur le réimsí nua ina bhféadfadh rochtain a bheith ag na comhpháirtithe ar ár margadh inmheánach. Tá deiseanna den sórt sin ann cheana féin sna Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála (DCFTA) leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia. Tá sé i gceist agam leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-ionstraimí uile atá ann cheana agus tús áite a thabhairt do na réimsí sin de chomhtháthú de réir a chéile a thugann tairbhí nithiúla do shaoránaigh agus do ghnólachtaí laistigh den Aontas agus i dtíortha an mhéadaithe araon. Is iad na réimsí tosaíochta láithreacha na costais a bhaineann le fánaíocht agus le híocaíochtaí a laghdú agus trádáil earraí a éascú. Le linn mo shainorduithe, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir mé, féachfaidh mé ar dheiseanna breise maidir le lánpháirtiú de réir a chéile do thíortha an mhéadaithe.

Tá an gá atá le hinbhuanaitheacht agus do-aisiompaitheacht nó athchóirithe a áirithiú ríthábhachtach go sonrach i réimsí an cheartais, go háirithe maidir le neamhspleáchas breithiúnach agus frith-éilliú, áit nach mór athchóirithe a chomhdhlúthú agus a inmheánú chun tionchar marthanach a áirithiú. Táim tiomanta go hiomlán na bunphrionsabail a choinneáil i gcroílár an mhéid sin. Príomhsprioc de mhéadú an Aontais is ea an smacht reachta a dhaingniú go daingean ar an mór-roinn seo againne. Is é is aidhm do na tíortha is mó dul chun cinn i dtaca leis an méadú a áireamh sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta iad a chur ar chomhchéim leis na Ballstáit go luath. Tacóidh an méid sin le hiarrachtaí athchóirithe na dtíortha sin chun dul chun cinn dochúlaithe a bhaint amach maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta, roimh an aontachas, agus chun ardchaighdeáin bhuana a ráthú tar éis an aontachais. Leis an gcur chuige sin, is féidir tíortha eile an mhéadaithe a chumhdach amach anseo, mar a fhoráiltear i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin. Cuirfidh sé sin tuilleadh leis an bpróiseas aontachais freisin, lena n-áirítear na tuarascálacha um méadú agus na hionstraimí cistiúcháin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ní bheidh aon drogall orm bearta ceartaitheacha cinntitheacha comhréireacha a mholadh do na

Ballstáit le haghaidh thíortha an mhéadaithe i gcás aon mharbhántacht thromchúiseach nó fhadtréimhseach nó aon chúlú i gcur chun feidhme athchóirithe agus i gcomhlíonadh cheanglais an phróisis aontachais.

Timpeallacht na meán a bheith saor agus iolraíoch, chomh maith le sochaí shibhialta bhríomhar chumasaithe, tá siad sin bunriachtanach don smacht reachta. Tá ról ríthábhachtach ag an tsochaí shibhialta agus ag na meáin neamhspleácha freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na n-athchóirithe, chomh maith le staid an daonlathais, an smachta reachta agus chearta an duine, agus rialtais á gcoinneáil cuntasach acu nuair nach seasann siad le luachanna an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go leanfaidh tacaíocht fothaithe acmhainneachta de thimpeallacht chumasúcháin a chothú agus go dtacóidh sí leis na gníomhaithe sin a ról daonlathach a chomhlíonadh, agus beidh mé daingean maidir le neamhfhulaingt ar gach cineál foréigin, imeaglaithe nó ciaptha ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar chosantóirí chearta an duine nó ar iriseoirí a áirithiú.

Maidir leis na príomh-athchóirithe idirinstitiúideacha agus na príomh-athchóirithe a bhaineann le beartais, téigh chuig na freagraí ar cheist Uimh. 9.

*6. Sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2024-2029, leagtar béim ar an méid seo a leanas: 'leanfaidh an smacht reachta agus luachanna bunúsacha de bheith ina mbunchlocha de bheartas méadaithe an Aontais'. Ós rud é gur féidir dul i mbun na bpróiseas aontachais ar bhealach inchúlaithe, agus go bhféadfaí, mar gheall ar an gcur chuige atá bunaithe ar fhiúntas, scor den chaibidlíocht aontachais freisin, cé na bearta nithiúla a dhéanfá i gcás an bonn a bheith á bhaint ó luachanna agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an daonlathas, maidir le cearta an duine, maidir leis an smacht reachta, maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna, maidir le hiolrachas na meán, agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe?*

Is iad an smacht reachta, an daonlathas agus luachanna na gceart bunúsach bunchlocha ár mbeartais um méadú. Táim tiomanta na luachanna sin a chaomhnú agus, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé go dlúth le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith fite fuaite inár gcur chuige. Is iad na bunphrionsabail - lena n-áirítear an smacht reachta, breithiúnacht dhea-fheidhmiúil neamhspleách, feidhmiú institiúidí daonlathacha, cearta bunúsacha, frith-éilliú agus cearta an duine - cnámh droma an phróisis aontachais. Áirítear i mbraisle na mbunphrionsabal, mar a thugtar air, caibidil 23 maidir le cearta breithiúna agus cearta bunúsacha agus caibidil 24 maidir le ceartas, saoirse agus slándáil, arb iad na chéad chinn atá le hoscailt le linn na caibidlíochta agus na cinn dheireanacha atá le dúnadh. Is é an dul chun cinn sna réimsí sin a chinneann luas foriomlán na caibidlíochta, de réir mhodheolaíocht athbhreithnithe 2020 um méadú.

Tá an próiseas aontachais sa lá atá inniu ann níos déine agus níos cuimsithí ná riamh. Chun an smacht reachta agus luachanna daonlathacha a dhaingniú go rathúil sa suíomh polaitiúil agus institiúideach, agus sa chultúr sochaíoch níos leithne freisin, tá gá le hathchóirithe institiúideacha fadréimseacha ach ar deireadh tá sé ag brath ar an toil pholaitiúil agus ar an gcumas chun an fhrithsheasmhacht institiúideach in aghaidh athchóirithe den sórt sin a shárú i dtíortha an mhéadaithe. Chuige sin, tabharfaidh mé tús áite do dhianfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an smachta reachta agus na gcaighdeán daonlathach.

Sa chomhthéacs sin, feidhmíonn an Pacáiste bliantúil um Méadú mar uirlis ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach iarrthóra i réimsí amhail neamhspleáchas breithiúnach, iolrachas na meán, urraim do chearta an duine, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta tromchúisí eagraithe agus comhionannas inscne. Ligeann sé dúinn aghaidh a thabhairt ar aon chomhartha cúlchéimnithe go luath agus sin a dhéanamh go pras. Agus sáruithe ar bhunluachanna á sainaithint agus aghaidh á tabhairt orthu, soláthraítear leis an bPacáiste um Méadú measúnú fíorasach agus cothrom ar dhul chun cinn - nó easpa dul chun cinn - agus tugtar moltaí nithiúla ann chun easnaimh a leigheas.

Ina theannta sin, i gcás ina léiríonn tír is iarrthóir cúlú ar luachanna bunúsacha, cuireann na Creataí Caibidlíochta sásraí ar fáil le haghaidh bearta ceartaitheacha cinntitheacha agus comhréireacha. Ní bheidh aon leisce orm na bearta seo a ghníomhachtú nó a mholadh más gá agus iad a phlé libh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin stop a chur le caibidlíocht maidir le caibidlí sonracha, moill a chur ar chaibidlí nua a oscailt, nó, i gcásanna tromchúiseacha, an próiseas caibidlíochta ina iomláine a chur ar fionraí. Tá sé ríthábhachtach sláine phróiseas an mhéadaithe a choinneáil, agus a áirithiú nach féidir le tíortha dlíthe a shíniú ar pháipéar agus an bonn á bhaint de phrionsabail dhaonlathacha sa chleachtas ag an am céanna. Rinneadh bearta nithiúla chuige sin san am a chuaigh thart, mar shampla i gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais leis an Tuirc, áit a bhfuil an chaibidlíocht aontachais ina stad ó 2018 i leith, nó leis an tSeoirsia áit [mar a luaigh Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2024] a gcuireann an ghníomhaíocht atá ann faoi láthair conair na Seoirsia i dtreo an Aontais i mbaol, rud a chuireann stop *de facto* leis

an bpróiseas aontachais. Leis na sásraí sin, cosnaítear sláine an phróisis aontachais. Ní choisceann sé sin, áfach, go saothrófaí luachanna agus prionsabail an Aontais a thuilleadh leis an tír is iarrthóir trí bhealaí eile i gcomhthéacs níos leithne chaidreamh an Aontais mar a leagtar amach sna Conclúidí faoi seach ón gComhairle Eorpach. Sin an chaoi a bhfuil sé i gceist agam a bheith ag obair.

Ag an am céanna, ní mór dúinn luach saothair a thabhairt don dul chun cinn chun móiminteam an athchóirithe a choinneáil. Ba cheart do thíortha an mhéadaithe a bhaineann garspriocanna inláimhsithe amach maidir lena dtagarmharcanna a bhaint amach dul chun cinn a dhéanamh sa chaibidlíocht agus tacóidh mé leis an gcur chuige sin. Cuirfear cúnamh airgeadais agus teicniúil ar fáil freisin chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dá gcuid iarrachtaí. Leis an gcur chuige bunaithe ar fheidhmíocht sin, cuirtear ar a gcumas do thíortha is iarrthóirí tairbhe a bhaint as tacaíocht mhéadaithe ón Aontas agus as níos mó deiseanna le haghaidh comhtháthú de réir a chéile de réir mar a dhéanann siad ailíniú le caighdeáin an Aontais.

Déanfaidh mé na dreasachtaí airgeadais sin a ghiaráil chun comhlíonadh an smachta reachta a threisiú. Cheana féin sa lá atá inniu ann, tá íocaíochtaí ó ionstraimí bunaithe ar fheidhmíocht amhail an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar, an tSaoráid don Úcráin, agus an tSaoráid Fáis atá beartaithe don Mholdóiv ag brath ar chur chun feidhme rathúil na n-athchóirithe comhaontaithe atá ríthábhachtach chun an rialachas daonlathach agus an smacht reachta a neartú, agus áirítear orthu prionsabal neamh-inchúlaitheacht na n-athchóirithe. Trí thacaíocht airgeadais a nascadh le dul chun cinn inbhraite, is féidir linn tíortha an mhéadaithe a spreagadh chun leanúint de bheith tiomanta do na hathchóirithe bunriachtanacha sin.

*7. A mhéid a bhaineann leis na hionstraimí maoinithe sheachtraigh, conas a chuirfidh tú feabhas ar chomhsheasmhacht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht an chúnaimh réamhaontachais do na tíortha is iarrthóirí agus do na tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus fós coinníollacht dhocht a chur i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar, na Saoráide don Úcráin agus ionstraimí comhchosúla eile, agus a áirithiú go mbeidh fíor-ról ag Parlaimint na hEorpa i stiúradh straitéiseach na n-ionstraimí maoinithe sheachtraigh, lena n-áirítear trí fhaisnéis i scríbhinn ar a gcur chun feidhme a sholáthar go tráthúil? I dtaca leis na tograí ón gCoimisiún le haghaidh an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile de, cad é do thuairim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh ionstraim thiomnaithe réamhaontachais ann? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfaidh na hinfheistíochtaí sin ionad an Aontais, agus an íomhá den Aontas, sna tíortha tairbhíocha a neartú ar bhealach dearfach, agus cad iad na straitéisí sonracha a chuirfidh tú chun feidhme chun treisiú le hinfheictheacht agus tionchar an Aontais trí chúnamh réamhaontachais?*

Sainaithníodh an méadú mar thosaíocht sa sainordú atá le teacht.

An nasc idir maoiniú agus athchóirithe arna ndéanamh ag ár gcomhpháirtithe mar atá sa tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar, sa tSaoráid Fáis atá beartaithe don Mholdóiv, agus sa tSaoráid don Úcráin, creidim gur cheart iad a mheas le haghaidh maoiniú amach anseo don réamhaontachas agus do chomharsanacht an Oirthir mar aon le módúlachtaí maoiniúcháin eile. Ní mór don tacaíocht a bheith inscálaithe agus solúbtha go leor chun freastal ar fhorbairtí gan choinne, lena n-áirítear an fhéidearthacht cistí a choinneáil siar nó a atreorú i gcás cúlú, nó leibhéil chistiúcháin a mhéadú dóibh siúd a thugann faoi níos mó athchóirithe, nó athchóirithe atá thar a bheith deacair. I gcás na hÚcráine, i bhfianaise na héiginnteachta leanúnaí maidir le fad agus déine an chogaidh, ní mór a áireamh air sin cúnamh cobhsaí intuartha solúbtha a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe, agus riachtanais a bhaineann leis an téarnamh agus leis an atógáil a chur san áireamh.

Faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair, leanfaidh buiséad an Aontais de ról lárnach a bheith aige sa phróiseas sin, agus déanfaimid tionchar ár dtacaíochta do thíortha an mhéadaithe a uasmhéadú tríd an bPlean Fáis do na Balcáin Thiar, tríd an bPlean Fáis don Mholdóiv, trí Ardán Infheistíochta na Tuirce agus tríd an tSaoráid don Úcráin chun dlús a chur le cóineasú eacnamaíoch na dtíortha leis an Aontas agus lena Mhargadh Aonair, agus ag an am céanna, na caighdeáin agus na próisis chearta is gá á bhforbairt chun cistí an Aontais a ionsú agus chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm. Táim tiomanta na naisc sin a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear dlús a chur le fothú acmhainneachta do na riaracháin náisiúnta chun cistí an Aontais a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Ag féachaint chun cinn ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, tabharfaidh mé tús áite don dlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán chun ár maoiniú gníomhaíochta seachtraí a athchóiriú go cuimsitheach, rud a fhágfaidh go mbeidh tionchar níos mó aige, go mbeidh sé níos spriocdhírithe agus go mbeidh sé ailínithe le leasanna straitéiseacha an Aontais. Go nithiúil, oibreoidh mé leis na

tíortha is iarrthóirí chun iad a ullmhú don aontachas, chun na hathchóirithe struchtúracha is gá a dhreasú agus chun tacú leo. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cinnteoidh mé go dtabharfar aird chuí ar thosaíochtaí agus ar ghnéithe sonracha an chistithe réamhaontachais.

Gné ríthábhachtach eile nach mór a chur san áireamh is ea tionchar an mhéadaithe ar bhuiséad an Aontais. Cumhdófar é sna hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe atá ar na bacáin, agus le linn na caibidlíochta aontachais. Cuirfidh leathnú ár nAontais leis an ngá atá le buiséad nuachóirithe de chuid an Aontais a bheidh níos simplí agus níos solúbtha, a bheidh in ann oiriúnú do riachtanais éagsúla na mBallstát reatha agus na mBallstát a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, is cúis bhreise é an méadú – cé nach é an spreagadh é – chun athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar bhuiséad an Aontais, chun a áirithiú go dtacóidh sé leis na cuspóirí beartais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Tá ról ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa cheana féin i maoirseacht straitéiseach ár n-ionstraimí maoinithe sheachtraigh, lena n-áirítear trí idirphlé tiomnaithe maidir leis an ionstraim réamhaontachais (IPA III), an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar agus an tSaoráid don Úcráin.

Tá infheictheacht ríthábhachtach chun tionchar chúnamh réamhaontachais an Aontais a uasmhéadú agus chun íomhá an Aontais sna tíortha tairbhíocha a neartú. Ní mór na gníomhaíochtaí agus na hinfheistíochtaí a úsáidtear trí ionstraimí maoinithe an Aontais a lipéadú i gceart agus a chur in iúl go cuí mar sin do na saoránaigh agus do na páirtithe leasmhara, trí údaráis na dtíortha tairbhíocha agus tríd an Aontas araon chun dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne i dtíortha is iarrthóirí. Beidh sé sin ina chuid lárnach den straitéis chumarsáide mar a luaitear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach idirphlé rialta a choinneáil ar bun le hionadaithe na sochaí sibhialta, go háirithe trína gcomhairliúchán maidir le próisis chinnteoireachta mar a tharla agus an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar á hullmhú, chomh maith leis an tSaoráid don Úcráin agus an Plean Fáis don Mholdóiv.

<u>Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile</u>

*8. Luaitear i do ráiteas misin go leagfaidh tú béim ar leith ar an smacht reachta agus ar luachanna bunúsacha agus bearta á ndéanamh agat agus go rannchuideoidh tú leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta i leith na dtíortha aontachais. Conas atá sé i gceist agat a áirithiú go ndéanfaidh na tíortha aontachais gníomh iardain i leith na saincheisteanna a dtarraingeofar aird orthu sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta? An bhfuil sé beartaithe agat tagarmharcanna sonracha a áireamh sna caibidlí ábhartha den chaibidlíocht? Conas atá sé i gceist agat idirchaidreamh a dhéanamh leis an bParlaimint sa phróiseas seo agus conas a oibreoidh tú i gcomhar leis na Coimisinéirí eile a bhfuil inniúlachtaí acu sa réimse seo?*

Creidim go láidir go bhfuil neartú an smachta reachta agus cosaint luachanna bunúsacha i gcroílár an phróisis aontachais. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, bainfidh mé úsáid as na hionstraimí uile atá ar fáil chun a áirithiú go n-urramófar an treoirphrionsabal sin. Áirítear leis sin leas iomlán a bhaint as na coinníollachtaí agus na dreasachtaí faoin gcaibidlíocht aontachais, as na hionstraimí maoiniúcháin amhail na an tSaoráid don Úcráin, an tSaoráid le haghaidh na mBalcán Thiar agus, ar choinníoll go dtacaíonn na comhreachtóirí lena glacadh, an tSaoráid atá beartaithe don Mholdóiv.

Is é is aidhm do chuimsiú na Seirbia, Mhontainéagró, na hAlbáine agus na Macadóine Thuaidh i dtuarascálacha 2024 maidir leis an Smacht Reachta rannpháirtíocht na dtíortha is iarrthóirí a mhéadú i bpróisis an Aontais atá ann cheana, agus iad a chur ar chomhchéim leis na Ballstáit go luath. Sna caibidlí tíre, tugtar forléargas cuimsitheach ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin gach tíre, ar an gcaoi chéanna le Ballstáit an Aontais.

Trí thíortha is iarrthóirí a áireamh i dtuarascáil an Aontais maidir leis an smacht reachta, tacaítear a thuilleadh lena n-iarrachtaí athchóirithe faoi seach chun moltaí a leagtar amach sa Phacáiste um Méadú a chomhlíonadh agus chun cabhrú leo dul chun cinn inbhuanaithe do-aisiompaithe a bhaint amach maidir leis an daonlathas agus an smacht reachta roimh an aontachas, agus chun a ráthú gur féidir ardchaighdeáin bhuana a choinneáil freisin tar éis an aontachais. I gcomhréir le treoirlínte polaitiúla an Uachtaráin, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus an Ceartas chun tíortha eile an mhéadaithe a áireamh sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta de réir mar a bheidh siad réidh.

Is é an Pacáiste bliantúil um Méadú go fóill príomhionstraim an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar staid na himeartha agus ar dhul chun cinn na n-athchóirithe i mbunphrionsabail phróiseas an mhéadaithe, lena n-áirítear

an smacht reachta agus cearta bunúsacha. Is anseo freisin a leagtar amach moltaí an Choimisiúin le haghaidh gach réimse. Ní mór do phróiseas an mhéadaithe a bheith á threorú ag sraith aonair chomhsheasmhach moltaí. Ar an gcúis sin, níl moltaí do thíortha an mhéadaithe sa tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta.

Tá sé i gceist agam tosaíocht a thabhairt don dul chun cinn maidir leis an smacht reachta a chaomhnú i mo rannpháirtíocht le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha. I gcomhréir leis an modheolaíocht aontachais, foráiltear le Creataí Caibidlíochta go n-osclófar an chaibidlíocht maidir le braisle na mbunphrionsabal ar dtús agus go ndúnfar í ar deireadh, le tagarmharcanna oscailte agus eatramhacha sonracha le haghaidh na gcaibidlí maidir leis an smacht reachta. Oibreoidh mé chun a áirithiú go socrófar tagarmharcanna láidre cothroma sa phróiseas, chun tacú leis na tíortha caibidlíochta aghaidh a thabhairt ar na tagarmharcanna sin agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Coimisiún measúnuithe prasa ar fáil a luaithe a bheidh an dul chun cinn is gá bainte amach. Ní mholfaidh mé ach bogadh ar aghaidh sa chaibidlíocht le gach tír bunaithe ar dhul chun cinn inláimhsithe agus leanúnach maidir leis an smacht reachta.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí eile a bhfuil inniúlachtaí acu sa réimse sin, go háirithe an Coimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, chun a áirithiú go mbeidh beartas an Aontais um méadú comhsheasmhach agus éifeachtach maidir leis an smacht reachta agus luachanna bunúsacha a chur chun cinn. Mar a luadh cheana, rachaidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bPacáiste bliantúil um Méadú agus táim réidh chun malartú tuairimí a dhéanamh leis na Feisirí.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla</u>

*9. Bunaithe ar rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Feabhra 2024 maidir le lánpháirtiú AE a dhoimhniú i bhfianaise an mhéadaithe a bheidh ann amach anseo, an aontaíonn tú gur gá athchóiriú idirinstitiúideach suntasach a dhéanamh ar AE mar gheall ar an dúshlán sin? Cé na bearta nithiúla atá beartaithe agat a mholadh chun tabhairt faoi na hathchóirithe institiúideacha is gá chun a áirithiú go mbeidh Aontas méadaithe in ann feidhmiú go héifeachtúil, go mbeidh tíortha úra in ann a bheith ina gcuid de, agus go mbeidh sé in ann lánpháirtiú rathúil na dtíortha sin a chur chun cinn? Conas a d'oibreofá i gcomhar leis na Coimisinéirí eile agus le hUachtarán an Choimisiúin chun a áirithiú go réiteodh an t-athbhreithniú agus an leasú ar na Conarthaí an bealach do phróiseas réidh um méadú?*
*Cad iad na hathchóirithe, dar leat, a d'fhéadfaí a shaothrú gan athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí sna cúig bliana amach romhainn?*
*An aontaíonn tú gur cheart imeacht ón aontoilíocht i dtreo is go bhféadfadh nósanna imeachta cinnteoireachta níos éifeachtaí a bheith ann, agus gur cheart vótáil trí thromlach cáilithe a chur chun feidhme i réimsí amhail na céimeanna idirmheánacha sa phróiseas um méadú, cosaint an daonlathais, chearta an duine agus an smachta reachta, CAI, smachtbhannaí agus cinntí ábhartha eile maidir leis an mbeartas eachtrach?*
*An dtacófá le cinnteoireacht níos láidre agus níos éifeachtaí a bheith á déanamh i leith bheartas an Aontais um méadú, lena n-áirítear maoirseacht a bheith á déanamh ag Parlaimint na hEorpa, chun an dlisteanacht agus an chuntasacht dhaonlathach a mhéadú?*

Leis na méaduithe as a chéile, neartaíodh an tAontas agus tugadh buntáistí suntasacha do na Ballstáit, idir shean agus nua. Áiritheoidh mé nach n-aontóidh ach iarrthóirí atá fíor-ullmhaithe agus tiomanta gan choinníoll do na luachanna ar a bhfuil an tAontas tógtha a urramú.

Tá clár oibre uaillmhianach maidir le hathchóiriú inmheánach de dhíth orainn freisin chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh Aontas níos mó mar is ceart. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a bheidh ann amach anseo a bheith réidh tráth aontachais na mBallstát nua. Ní mór don Aontas éirí níos doimhne de réir mar a leathnaíonn sé. Ba cheart dúinn oibriú ar an dá bhealach ag an am céanna. Tá ceisteanna ann cheana maidir le cumas an Aontais gníomhú in Aontas ina bhfuil 27 mBallstát agus ní le méaduithe amach anseo amháin a bhaineann siad.

Mar a tharlaíonn sé, ba cheart dúinn breathnú ar an méadú mar chatalaíoch don dul chun cinn ó thaobh ár gcumais bearta a dhéanamh agus ó thaobh ár mbeartas agus ár gclár caiteachais. An cheist maidir le cé na hathchóirithe atá ag teastáil, agus cén tráth, ní mór í a mheas agus an comhthéacs níos leithne sin á chur san áireamh, lasmuigh de raon feidhme phunann an Mhéadaithe amháin.

Cuideoidh na hathbhreithnithe beartais réamh-mhéadaithe a dhéanfaidh an Coimisiún le bearnaí agus riachtanais a shainaithint, i.e. i gcás ina bhfuil gá le hathruithe, chun a áirithiú gur féidir lenár mbeartais leanúint de bheith ag seachadadh go héifeachtach in Aontas níos mó.

Mar a luaitear sna Treoirlínte Polaitiúla, tá gá leis na Conarthaí a athrú chun go gcuirfí feabhas ar an Aontas seo againne. Ach ba cheart dúinn díriú freisin ar an méid is féidir a dhéanamh cheana féin agus ar na réimsí sin ina bhfuil comhdhearcadh leathan ag teacht chun cinn. Mar shampla, déantar foráil sna Conarthaí cheana maidir le 'clásail passerelle' lena gceadaítear aistriú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe laistigh den Chomhairle i bpríomhréimsí beartais. Leanann an Coimisiún de bheith ag tacú go láidir le gníomhachtú na gclásal sin.

Maidir le próiseas an mhéadaithe féin, tuigtear go maith an gá atá le haontoilíocht chun Ballstát nua a ligean isteach agus tá údar iomlán leis. Mar sin féin, ní mór dúinn a aithint gur féidir le ceanglas na haontoilíochta maidir le gach céim den phróiseas moill a chur ar rudaí má chuireann fiú aon Bhallstát amháin ina choinne. Táim réidh le rannchuidiú leis an machnamh ar an gcaoi a bhféadfaí nósanna imeachta agus próisis a choigeartú agus dlús a chur leo maidir le cuid de na céimeanna idirmheánacha i bpróiseas an mhéadaithe, agus sainchumais na mBallstát á n-urramú ag an am céanna.

Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Uachtarán agus le mo chomh-Choimisinéirí chun a áirithiú go mbeidh na hathchóirithe institiúideacha is gá don mhéadú ag teacht le tosaíochtaí níos leithne an Aontais. Beidh sé ríthábhachtach an comhar idirinstitiúideach a neartú – go háirithe idir an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle – agus táim tiomanta na hiarrachtaí sin a chur chun cinn.

Ar deireadh, mar a leagtar amach thuas, feictear dom go bhfuil ról tábhachtach ag an bpobal agus ag an tsochaí shibhialta chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ullamh don mhéadú. Tá sé i gceist agam anseo béim láidir a leagan ar fhorbairtí a bhaineann leis an méadú a chur in iúl go soiléir agus go trédhearcach agus éisteacht le guthanna daoine ar fud an Aontais agus i dtíortha an mhéadaithe iad féin.

Ceist ón bhFochoiste um Chearta an Duine

*10. An mbeadh sé i gceist agat treisiú le tacaíocht an Aontais Eorpaigh do ghníomhaithe sin na sochaí sibhialta agus do na grúpaí daonlathacha sin a dhéanann cearta an duine, an smacht reachta agus luachanna bunúsacha a chun cinn i dtíortha an mhéadaithe agus i dtíortha eile a thiocfadh faoi do shainchúraimí? Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat a chur i bhfeidhm ina leith sin?*

Mar a léiríodh trí mo stair phearsanta, lena n-áirítear gníomhaíochas sibhialta, tá an tsaincheist seo an-ghar do mo chroí. Tá an tsochaí shibhialta i gcroílár gach daonlathais fholláin, agus táim tiomanta go pearsanta don mhéid is féidir liom a dhéanamh, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir mé, chun na gníomhaithe bunriachtanacha sin a chumhachtú ar gach leibhéal. Cheana féin sa lá atá inniu ann, éascaíonn an Coimisiún tionscnaimh fothaithe acmhainneachta go gníomhach agus cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, rud a chuireann lena gcumas tacú le hathchóirithe dlíthiúla, páirt a ghlacadh i gceapadh beartas, agus údaráis a thabhairt chun cuntais. Mar shampla, leagfainn béim ar Cholún III den tSaoráid don Úcráin, trína n-áiritheoidh an Coimisiún tacaíocht leanúnach do chosantóirí chearta an duine, do throdaithe frithéillithe agus do thionscnaimh eile ón mbun aníos ó shochaí shibhialta bhríomhar ghníomhach na tíre, agus béim bhreise á leagan anois freisin ar phróiseas aontachais na hÚcráine leis an Aontas.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam dlús a chur leis an rannpháirtíocht sin leis an tsochaí shibhialta chun timpeallacht shábháilte chumasúcháin a áirithiú inar féidir leis na heagraíochtaí sin oibriú gan srianta míchuí. I gcás nach féidir leo é sin a dhéanamh, ní mór don Aontas bealaí a aimsiú fós chun tacú leo, bealaí nach gcuirfidh a mbeatha ná a slite beatha i mbaol. Tá an méid sin ag dul dóibh siúd a sheasann go cróga le bratach an Aontais, fiú amháin má chuireann sé i mbaol mór pearsanta iad. Dá réir sin, díreoidh mé ar rannpháirtíocht leanúnach leis an tsochaí shibhialta, leis na meáin neamhspleácha agus le cosantóirí chearta an duine chun a áirithiú go n-éistfear lena nguthanna, agus go dtabharfar aghaidh ar an méid is ábhar imní dóibh. Ní mór tacaíocht theicniúil agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta faoinár n-ionstraimí maoinithe dul chun tairbhe don tsochaí shibhialta i dtíortha uile an mhéadaithe agus i dtíortha uile chomharsanacht an Oirthir.

Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán ina gcuid de bhunchlocha sochaí daonlathaí agus, dá réir sin, tá siad ar cheann de bhunluachanna an Aontais. Dá bhrí sin, is gné ríthábhachtach iad de phróiseas aontachais an Aontais agus is tagarmharc eatramhach tábhachtach iad atá le comhlíonadh faoi chaibidlí na caibidlíochta aontachais maidir leis an smacht reachta. Le linn mo chuairteanna ar thíortha an mhéadaithe agus ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, táim tiomanta bualadh le hionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha i réimsí éagsúla, lena n-áirítear eagraíochtaí a chumhdaíonn cearta na mban, agus

iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí imeallaithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, mionlaigh agus daoine LADTIA.

Leanfaidh mé freisin de bheith i dteagmháil le rialtais thíortha an mhéadaithe tríd an idirphlé polaitiúil, lena n-áirítear maidir le cearta an duine, fiú i dtimpeallachtaí deacra polaitiúla. I dtíortha ina bhfuil an spás don tsochaí shibhialta ag laghdú, leanann Toscaireachtaí an Aontais ar an láthair d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid agus is féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir an tsochaí shibhialta neamhspleách agus eagraíochtaí na meán atá gafa ag an stát. Bainfidh mé leas freisin as an obair atá déanta ag eagraíochtaí agus comhpháirtithe creidiúnacha amhail Comhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus a hOifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) chun gníomhaíochas sibhialta agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chur chun cinn i dtimpeallachtaí casta.

Cinnteoidh mé go gcomhlíonfaidh ár gcúnamh airgeadais luachanna an Aontais, lena n-áirítear cearta an duine, an daonlathas, an smacht reachta agus luachanna bunúsacha a chur chun cinn. Leanfar de dhul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann agus de phrionsabal na neamhdhíobhála a chur chun feidhme chun ár n-idirghabhálacha a threorú. Cuireann sé sin ar chumas an Choimisiúin idirghabhálacha an Aontais a fhorbairt i gcomhréir le luachanna bunúsacha, agus aghaidh a thabhairt ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar chearta an duine.